



POLASÁI NA GAEILGE LABHARTHA

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasáí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán

REAMHRÁ

Is Bunscoil Chomhoideachas, lán-Ghaeilge, ilchreidmheach í Gaelscoil na Fuinseoige, faoi Phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, a bunaíodh chun freastal ar an éileamh do bhunoideachas trí Ghaeilge sa cheantar áitiúil.

Cuireadh an polasáí seo le chéile le comhoibriú ó Mhúinteoirí, Coiste Cairde agus Bord Bainistíochta na Scoile.

Is scoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil na Fuinseoige ina bhfuil an Ghaeilge mar:-

- Teanga na scoile,
- Teanga ghnó agus chumarsáide na scoile,
- Teanga theagaisc agus fhoghlama i ngach ábhar seachas Béarla
- Teanga chaidrimh idir mhúinteoirí iad féin,
- Teanga chaidrimh idir fhoireann na scoile agus na daltaí,
- Teanga chaidrimh idir na daltaí i ngach eachtra scoile taobh istigh nó taobh amuigh den scoil.

POBAL GHAELACH

‘Sé bunaidhm an pholasáí seo ná gur mian linn i nGaelscoil na Fuinseoige pobal Ghaelach nó Gaeltacht bheag a bhunú sa scoil agus sa cheantar ina bhfuil atmaisféar dearfach ann i gcónaí i leith na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge. Is iad traidisiúin, cultúr agus oidhreacht na hÉireann bunchloch na scoile. Chun pobal Ghaelach a chothú agus a neartú, cuirfear imeachtaí Gaelacha ar fáil i rith agus i ndiaidh am scoile. Tá béim an-láidir againn ar ár n-oidhreacht Ghaelach idir cheol, rince agus spóirt, mar shampla,

- Tá Craobh na Fuinseoige bunaithe ag tuismitheoirí agus foireann na scoile (Craobh Comhaltas Ceoltóirí Éireann)
- Rince Gaelach múinte i rith agus tar éis am scoile
- Gaol againn le Club CLG, Naomh Olaf agus tagann traenálaí isteach le ceachtanna a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.
- Ranganna Gaeilge agus Ciorcail Comhrá eagraithe do thuismitheoirí.
- Mí na Gaeilge (Mí an Mhárta)
- Mí an Cheoil (Mí Bhealtaine)
- Mí an Spóirt (Mí an Mheithimh), laethanta iomána, ceachtanna peile
- Béim ar dhánta, rannta agus amhráin Ghaeilge a mhúineadh do na páistí
- Ranganna Gaeilge ar fail do thuismitheoirí
- Féiniúlacht láidir ag an scoil agus tuiscint ar ainm agus stair na scoile.

Déanaimid gach iarracht timpeallacht atá fabhrach agus spreagúil d'úsáid na Gaeilge a chothú sa scoil agus a chur ar chumas na ndaltaí cumarsáid i nGaeilge sna suíomhanna éagsúla ina mbíonn siad, m.sh. sa rang, sa leabharlann, ar an gclós srl.

AIDHMEANNA

Is mian linn;

- Cumas an pháiste an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide a chothú is a fhorbairt,
- Muinín an pháiste chun an Ghaeilge a úsáid chun go mbeidh siad bródúil aisti,
- Taitneamh a bhaint as foghlaim trí mhéan na Gaeilge,
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

ÚSÁID NA GAEILGE

Is i nGaeilge amháin a dhéanfaidh daltaí na scoile cumarsáid lena chéile agus leis na múinteoirí ar scoil agus ag imeachtaí scoile. Is gá do na páistí go léir tuiscint go bhfuil dualgas orthu an Ghaeilge a labhairt i gcónaí. Moltar na páistí as ucht na n-iarrachtaí a dhéanann siad chun an Ghaeilge a labhairt. Spreagfar agus tabharfar tacaíocht do na páistí an Ghaeilge a úsáid sna seomraí ranga, timpeall na scoile, sa chlós agus ag gach imeacht a bhaineann leis an scoil. Cuirfear scéimeanna ar siúl le haitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na bpáistí agus d'iarrachtaí ghrúpaí páistí agus ranganna. Tá cártaí speisialta molta ag gach múinteoir agus tabharfar carta d'aon pháiste a labhraíonn Gaeilge chruinn, go háirithe i suíomhanna neamhfhoirmiúla timpeall na scoile (m.sh. ar an gclós). Bronntar Duais na Gaeilge ar pháiste amháin (ar a laghad) ó gach rang ag an tionól gach seachtain. Bíonn scéimeanna molta éagsúla spreagúil ar siúl i ngach rang freisin.

TUISTÍ

Moltar to thuismitheoirí/chaomhnóirí iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt ar láthair na scoile agus go háirithe nuair atá said istigh san fhoirgneamh agus moltar dóibh an Ghaeilge a tharraingt isteach sa saol baile nuair a fhaigheann siad deis air.

Chun cabhrú le thuismitheoirí:-

- Cuirfear stór focal ar fáil do thuismitheoirí gur féidir a úsáid leis na páistí,
- Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil, nuair is féidir.

CRITÉIR RÁTHÚLACHTA

- Fás in úsáid na teanga sa rang, sa scoil nó ag aon eachtra scoile.
- Fás i ndearfacht na bpáistí.
- Fás i gcumas na bpáistí tairbhe a bhaint as an gcuracalam trí Ghaeilge.
- Fás i gcaighdeán agus saibhreas Ghaeilge na bpáistí.
- Nathanna Cainte i Nuachtlitir na Míosa.

TUMOIDEACHAS

Is é an tumoideachas an córas oideachais a chuirtear i bhfeidhm i nGaelscoil na Fuinseoige. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na daltaí tumtha sa Ghaeilge óna gcéad lá ar scoil. Usáidtear an Ghaeilge mar ghnáth-theanga cumarsáide ón gcéad lá ar aghaidh. Ní mhúintear Béarla go dtí Téarma 3 i Naíonáin Mhóra.

POINTÍ EOLAIS/EILE

Cláracha Teilifíse is eile

Is i nGaeilge a bheidh cláir teilifíse a thaispeánfar do na daltaí ach amháin (a) nuair atáthar á n-úsáid le teanga eile a mhúineadh nó (b) ar bhonn eisceachtúil oideachais nuair nach bhfuil a macasamhail ar fáil i nGaeilge.

Imeachtaí agus Cuartóirí

Is i nGaeilge a reachtálfar aon imeacht lasmuigh d'am scoile a mbíonn páirt ag na daltaí ann, m. sh. ranganna breise, spórt srl.

Is í an Ghaeilge a bheidh ag aon chuairoteoirí a labhraíonn leis na daltaí ach i gcásanna eisceachtúla amháin a cheadaíonn an Bord Bainistíochta agus i gcásanna a bhaineann go sonrach le curaclam an Bhéarla.

Tacaíocht

Cuirfidh an Bord Bainistíochta agus/nó Coiste Cairde tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí/tuismitheoirí ar mian leo feabhas chur ar a nGaeilge.

CLÁR AMA ATHBHREITHNITHE

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go rialto amach anseo, mar is cuí.

Cathaoirleach: *Dísín Chambers*

Dáta: 27/02/2023

Príomhoide: *Aisling Uí Fhéach*

Dáta: 27/02/2023

AGUISÍN 1: SPRIOCTEANGA

Rang	Téama: Mé Féin
Naíonáin Shóisir	<p>Is mise...an madra/ an chearc/ an bhó/an coileach Cé tusa? Cad is ainm duit? Is mise.... Cén dath atá ar...? Tá dath....air. Dia duit. Dia is Muire duit. An cailín nó buachaill thú? Is cailín mé/ is buachaill mé. Seo cailín/ seo buachaill. Tá mo lámha/ an clár bán/ an bord salach/ glan. Cuir dath dubh ar an gcircín. Taispeáin dom na lámha/ na cosa/ na súile/ na cluasa/ an béal/ an tsrón. Déan bualadh bos. Cuir lámh ar do cheann/ do smig/ do mhuineál/ do bholg. Dún/ oscail do shúile srl. Tá tuirse/ eagla/ áthas/ brón orm. Téigh/ téigí a chodladh. Dúisígí. Cad atá á dhéanamh ag Teidí. Tá sé ag.... Tá Teidí ag siúl/ ag rith/ ag titim/ ag gol/ ag gáire. Cé hí/ hé seo? Seo.... (ainm) Is féidir liom rith/ suí/ léim/ luí/ ithe/ ól.</p>
Naíonáin Shinsir	<p>Tomhais cén lámh ina bhfuil sé An bhfuil sé i do lámh chlé / dheas? Tá / Níl Cá chuir tú an t-eireball? Ar a cheann / Ar a bholg / Ar a dhroim, srl Nach mise an t-amadán / an óinseach! Nach mise an té is fearr? Cá bhfuil tú i do chónaí? Táim i mo chónaí i dteach / in árasán / i nDún na nGall / ar oileán, srl Tá [gruaig chatach / dhíreach / fhada / ghearr] [orm / ort / air / uirthi] Tá gruaig [rua / dhubh / fhionn] [orm / ort / air / uirthi] Mise an chéad duine Cad a fuair tú? Feicim lámh / gruaig chatach / uillinn / glúin / béal srl</p>
Rang 1	<p>Tá (eagla/ ocras/ tart/ ríméad) air/uirthi/ orthú Bhí (eagla/ ocras/ tart/ ríméad) orm nuair a... mar go...</p> <p>Táim ag mothú go dona Nílím ag mothú go maith Is gearr go dtí go mbeidh biseach ort</p> <p>Ghortaigh sé/sí a g(h)lúin/ a c(h)os/ a lámh/ a rúitín/ cúl a c(h)inn/ a g(h)ualainn/ a (h) ordóg/ a (h)uillinn/ a d(h)roim Cad a tharla duit?</p>

	<p>Tomhais cé (hé) mise? An dochtúir/ feirmeoir/ gruagaire/ fear poist tú? Is ea/ ní hea Bhí an tomhas/ an ceann sin deacair/ an-deacair/ furasta/ an fhurasta Bhí an tomhas/ an ceann a bhí ag (ainm dalta) níos fusa/ níos deacra ná an tomhas/ an ceann a bhí ag</p> <p>Conas a litrítear an focal...? Níl mé in ann an focal... a litriú. An bhfuil tusa, a (ainm dalta)</p>
<p>Rang</p>	<p>Téama: Ocáidí Speisialta</p>
<p>Naíonáin Shóisir</p>	<p>An tSamhain: Is/ ní maith liom báirín breac/ úlla/ cnónna. Cuir do lámha taobh thiar de do dhroim. Ardaigh do ghualainn. Cuir síos do smig. Bain greim as an úll. An féidir leat greim a bhaint as an úll? Is féidir/ ní féidir liom.</p> <p>An Nollaig: Cé atá ann? Cad atá aici? Peann luaidhe/ crián srl Tá Daidí na Nollag/ an crann Nollag/ na féiríní go deas. Tá/ nílsa phictiúr seo. Ar mhaith leat....a fháil ó Dhaidí na Nollag? Ba mhaith/ níor mhaith. A Dhaidí na Nollag, ba mhaith liom teidí/ babóg. Cé atá sa bheithlín? Tá an leanbh Íosa/ Muire/ Iosaf/ bó/ asal sa bheithlín.</p> <p>Lá Breithe: Cad a chuir mé i bhfolach? Císte/ uachtar reoite/ lollipop. Bhí/ ní raibh....agam i gcomhair mo lá breithe. Cén aois tusa? A ceathair/ a cúig. Táim cúig bliana d'aois.</p> <p>An Cháisc: Tá mo....imithe amú orm. Fuair mé.... Tá fáilte romhat. Cén dath atá air? An bhfuil cluasa fada air? Is Coinín Cásca mise freisin. Tá cluasa fada ormsa freisin.</p>

Naíonáin Shinsir

Oíche Shamhna

Is fada liom / linn go dtiocfaidh Oíche Shamhna
Mise an púca / an chailleach
Beidh mise i mo phúca / i mo chailleach
Seachain an púca / an chailleach
Rug an púca / an chailleach orm
Déarfainnse gur cailleach / púca / cat / tine chnámh / puimcín atá ann
Bhí / Ní raibh an ceart agamsa / agatsa / ag.....
Rachaimid ó theach go teach Oíche Shamhna
Gheobhaimid

Ceoldráma 'Na Trí Bhéar'

An bhfuil aon duine [ag baile / istigh / sa leithreas / anseo] ?
Tá / Níl crua / bog / ró-chrua / ró-bhog / deas compordach
Tá / Níl ró-mhór
Níl faic fágtha domsa
Tá mo pheann luaidhese / mo chriánsa / mo chathaoirse briste
Táim i gcruachás

An Nollaig

Cé acu is fearr leat, nó ?
Muire / Íosaf / An leanbh Íosa / An réiltín / An t-aingeal / An t-asal /
An bhó / An Rí / An t-aoire / An t-an
Chuir mé / Chuir mise (Muire / Íosaf /) isteach sa bheithilín
Nollaig Shona duit
Gurab amhlaidh duit
Is fada liom go dtiocfaidh an Nollaig / Daidí na Nollag
Cad é a d'iarr tú air?
Lorg mé rothar, agus ar Dhaidí na Nollag
Ba mhaith liomsa a fháil
Is / Ní cuimhin liomsa
Fuair mé [ó Dhaidí na Nollag / ó mo Mham / ó m'aintín / ó m'uncail / ó
mháthair baistí / ó m'athair baistí srl]

Peata Nua

Cad a chloiseann tú?
Cat / Madra / Luch / Éan / Bó / Coileach / Muc / Leon
Feicim [madraí / éin / coiníní / luch / hamstair / éisc] i siopa na bpeataí
Ba mhaith liom [peata madra / peata éin / peata coinín / peata luiche / peata
hamstair / peata éisc] a bheith agam
Bhíomar ag ól / ag léim, srl
Tá [madra beag /] [ag Nóirín / ag / agam]
Ringo / is ainm dó / di
Ba mhaith leis / léi peata a bheith aige / aici

Lá Fhéile Pádraig

Lá Fhéile Pádraig atá ann
Clé, deas
Táimid ag seinm / ag máirseáil / ag léim

An bhfuil tú ag dul go dtí an pharáid? Tá / Níl
Ó! Ba mhaith liomsa dul ann chomh maith
Caithfidh [mé suaitheantas / seamróg / ribín] Lá Fhéile Pádraig
A . . . , an bhfuair tú an tseamróg / an suaitheantas / an brath / an ribín?
Fuair / Ní bhFuair

Cuairt ar an bhfeirm

An bhfaca tú gamhain / bó / caora / uan riamh?
Chonaic / Ní fhaca
An mó tarracóir / bó / . . . a fheiceann tú?
Aon cheann amháin / Dhá cheann / Trí cinn / Ceithre cinn / Cúig cinn / Sé cinn / Seacht gcinn / Ocht gcinn / Naoi gcinn / Deich gcinn

Sióg na bhFiacla

[A Mháire / A Shiobhán / A Sheáin,] an bhfuil [fiacail / peann luaidhe / . . . dom?
Thug sí euro dó / di

An Cháisc

Cé leis an ubh chorcra / an ubh dhearg / an ubh bhuí / an ubh ghorm / an ubh uaine / an ubh bhándearg? Le Cáit. / Le Liam. / Le hEoin.
Is le . . . an ubh . . .
Gheobhaidh mise cuid mhór uibheacha Cásca
Inis dom (é)!
Inseoidh mé / Ní inseoidh mé
Cáisc shona duit. Gurab amhlaidh duit.
An mó ubh a chuir Coinín na Cásca i bhfolach?
Déarfainn gur chuir sé [ceann / dhá ceann / trí cinn / ceithre cinn / cúig cinn / sé cinn] i bhfolach
Cár chuir mé an . . . i bhfolach?
Tá tú cóngarach dó / Tá tú i bhfad uaidh
Ar chuir tú [faoin mbord / taobh thiar den chófra / . . .] é?
Chuir / Níor chuir

An Fhaiche Imeartha

An bhfuil dath . . . ar an bhfráma dreapadóireachta / ar an gcrandaí bogada / ar an eitleog? Tá / Níl
Cé acu is fearr leat , an . . . nó an . . . ?
Bím féin is mo chairde ag spraoi / ag luascadh / ag dreapadh / ag sleamhnú
An bhfuil beirt chailíní / beirt bhuachaillí i do phictiúrsa? Tá / Níl
An bhfuil siad ag sleamhnú / ag luascadh / ag dreapadh? Tá / níl
Ba mhaith liomsa / le . . . dul ag sleamhnú / ag luascadh / ag dreapadh
Seachain tú féin!

An Trá

Is fada liom go dtiocfaidh na laethanta saoire
Beidh me / Ní bheidh mé ag dul cois farraige
Tabharfaidh [Liam / mé] [cuaráin / culaith shnámha / t-léine / bríste gearr / spéaclaí gréine / lóis ghréine / buicéad agus sluasaid] leis / liom
Beidh / Ní bheidh aimsir bhreá ann

	<p>An rachaidh tú in eitleán / i mbád / sa ghluaisteán / ar an mbus / ar an trae Rachaidh / Ní rachaidh Conas a rachaidh tú ar do laethanta saoire? In eitleán, srl Bím ag bailiú sliogán / ag déanamh caisleán / ag rith is ag rás / ag lapadaíl / snámh An bhfuil i do phictiúrsa? Tá / níl An bhfuil sé / sí / siad? Caill do sheans</p>
Rang	Téama: Siopadóireacht
Naíonáin Shóisir	<p>D'oscail/ dhún....(ainm) an doras/ an mála/ na cnaipí/ an scáth báistí. Cá ndeachaigh....(ainm)? Chuaigh....(ainm) go dtí an siopa/ an sorcas/ an pháirc/ an séipéal. Feicim úlla/ píseanna/ pónairí/ milseáin srl sa siopa. Tá dath liath ar na tralaithe/ na ciseáin. Chuaigh...(ainm) go dtí an t-ospidéal/ an phictiúrlann/ an t-aerfort/ an bail mór. Cad a cheannaigh Mamaí? Cheannaigh Mamaí pizza/ calóga arbhair/ sicín/ arán/ píseanna agus cóc. Thit Micilín muc isteach san uisce. Cuir ort an hata dearg/ gorm/ oráiste. Tá sé sin go hálainn.</p>
Naíonáin Shinsir	<p>Thit... Thit mé Ghortaigh mé [mo ghlúin / mo cheann / mo lámh / mo chos / mo mhéar / n ..] Bhí mé / Ní raibh mé ag cur fola Bhí / Ní raibh fuil le mo Thit agus tá a b(h)ríste / a g(h)eansaí / a riteoga sractha Tá an seo ró-mhór / ró-bheag / díreach oiriúnach dom</p>
Rang 1	<p>Ní dhéanfaidh mé a leithéid de rud go deo arís (beidh/ tá/ bhí) gach uile duine ag spochadh asam Nach bhfuil sé sin níos fearr anois? Tá. I bhfad Éireann níos fearr</p> <p>Feicim (cailín/ buachaill) a bhfuil gruaig catach/ dhíreach/ fhada/ ghearr/ donn/ dhubh/ fhionn air/uirthi A (ainm dalta), caithfidh tú seasamh le mo thaobhsa Tá duine/ beirt / triúr/ ceathrar... i mo ghrúpa An ormsa atá tú ag caint? An ar (ainm dalta) atá tú ag caint?</p> <p>An raibh do chuidse gruaige fada nuair a bhí tú bea, a... Bhí/ní raibh Cén dath a bhí ar do chuid gruaige nuair a bhí tú beag? Dath fionn/ rua/ dor dubh Déarfainn gurb é/ gurb í (ainm dalta) atá ann. An tusa atá ann, a (ainm dalt Is mé/ ní mé</p> <p>An ligfidh tú (trasna na habhainn/ amach) mé/ muid? Ligfidh mé/ ní ligfidh</p>

	Ní ligfidh... dom imirt leis/ léi/ leo Theastóidh... go géar uaim uait/ uaidh/ uaithi Tá mo... millte agam
--	--

Rang	Téama: Sa Bhaile
Naíonáin Shóisir	<p>Sin é an chéad mhucín/an dara mucín/an tríú mucín.</p> <p>Tabhair dom ___ más é do thoil é. Slán.</p> <p>Cad atá ort? Tá ocras orm.</p> <p>An bhfuil an ceart aige/aici? Tá/níl. Seo é an chéad phictiúr. Seo é an dara/an tríú/an ceathrú pictiúr (an pitiúr deireanach)</p> <p>Tá an [teach/chathaoir/leabhar] [mór/beag]. Duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear.</p> <p>Féach ar an [teach/doras/díon/simléar]. Féach ar na ballaí/fuinneoga. Cé mhéad? A haon, a dó, a trí.</p> <p>Nach deas é! Nach deas é do chóta nua/do phictiúr/an leabhar.</p> <p>An bhfuil sé buí/glas/dearg? Tá/níl.</p> <p>Conas atá tú? Tá mé go maith, go raibh maith agat.</p> <p>Bíonn clár dubh/cóipleabhar/bosca lóin/mála scoile ar scoil. Bíonn leaba/cathaoir uilleann/sorn/folcadán sa bhaile.</p> <p>Cá bhfuil an teidí gorm/an leaba? Tá ___ sa chistin/sa seomra suí/sa seomra folctha/sa seomra codlata.</p> <p>Sin é ____. Sin í ____.</p>
Naíonáin Shinsir	Níl aon téama 'Sa Bhaile' ar an gCuraclam Naíonáin Shinsireacha

Rang 1

Meas tú an deartháir nó deirfiúr a bheas ag Róisín?

Measaim gur deartháir/deirfiúr a bheas aici.

Céard a cheapfá a tharraing mise ar an gcárta?

Ar tharraing tú pictiúr de...?

Tharraing/Níor tharraing.

An bhfuil páistín agaibhse, a ...?

Tá/Níl, ach tá páistín/babaí ag m'aintín/ag m'uncail/ ag mo chomharsa/ ag...

An bhfuil a fhios agat cén t-ainm atá air/uirthi?

Seán/Máire/Níl a fhios agam.

Níor fhiafraigh mé díobh é.

Bíonn Mamaí/Daidí ar buile nuair a...

Beidh an múinteoir ar buile má..

Bíonn/Ní bhíonn cligín/mála scoile/ cliabhán/ leaba/ gobán/ rothar agamsa/ ag a bpáistín.

Tharraing...pictiúr de..agus de...

I gcliabhán/ i leaba Mhamaí/ i bpram

Codlaíonn/ Ní chodlaíonn.

Táim/Bím bodhar ag../agat.

Ag Bogadh Tí

Dúirt Mamaí go raibh an teach seo againne/mo sheomra leapa ró-bheag/ró-mhór.

Is cuimhin liom/Ní cuimhin liom céard a bhí istigh sa veain.

Nílim ábalta teacht ar an../ar mo...

An bhfuil tú ábalta teacht air...?

Tá mo theanga amuigh agam.

Tá ...uaim/de dhíth orm/ag teastáil uaim.

Is mór an trua liom nach bhfuil/Is oth liom nach bhfuil.

Is agamsa/ag...is mó atá péirí!

Tá aon p(h)éire amháin/dhá phéire/ trí phéire agamsa/ag....

An Zú

An dtiocfaidh tú in éineacht liom go dtí an zú/go dtí an leabharlann/go dtí an phictiúrlann?

Tiocfaidh/Ní thiocfaidh.

An dtiocfaidh tú abhaile liom?

Tiocfaidh/Ní thiocfaidh

Seo linn go dtí an clós/an halla...

Is féidir liomsa é a fheiceáil/an...a fheiceáil/ an scríobh a léamh.

Ní féidir liomsa é a fheiceáil/an...a fheiceáil/an scríobh a léamh.

Tá an póstaer ró-fhada uaim/ró-íseal dom/ró-ard dom.

Tá an scríobh ró-bheag dom.

Tá an.../cloigeann...sa bhealach orm.

Nílim ard mo dhóthain/Níl mé ard go leor.

Cé a sciob mo cheapaire/mo pheann luaidhe/mo scriosán/ mo bhosca lóin srl?
Ní mise a sciob é.
Ná mise ach an oiread.
Is é Lug/....a sciob é. Is í...a sciob é.
Is é, leis!

An...tú?
Is ea/Ní hea.
Tá/Níl a fhios agamsa/ag...cé hé thú féin.
Ní raibh a fhios ag aon duine cé hé thú féin.
Bhí an chéad/dara/trú/ceathrú/cúigiú ceann deacair/furasta.

Chonaic siad/Chonaic mé an....ar dtús.
Ansin chonaic siad/chonaic mé an...agus an....
Ina dhiaidh sin chonaic siad/chonaic mé an.. Agus an ...
Ar deireach thiar (thall) chonaic siad/chonaic mé na...
Chuaigh mé go dtí an zú agus chonaic mé...
Chuaigh mé go dtí an zú ach ní fhaca mé...

Is..é seo. D'fheicfeá sa zú é/í.
Téigh siar spás amháin/dhá spás/trí spás.
Téigh ar aghaidh spás amháin/dhá spás/ trí spás.

An tSamhain:

Creidim/Ní chreidim go bhfaca Colm an slua sí.
Creidim/Ní chreidim go bhfuil taibhsí/púcaí/fathaigh/cailleacha/spásairí/a leithé
ann.
Tá/Bíonn/Bheadh faitíos ormsa roimh...
Níl/Ní bhíonn/ Ní bheadh aon eagla ormsa roimh.../rud ar bith.

Cuir cogar i gcluas...
Abair rud éigin leis/léi faoi Oíche Shamhna.
Abair an rud céanna leis/léi agus a dúirt...leatsa.
Céard a dúirt sé/sí?
Sílím go ndúirt sé/sí...
An é sin an rud a dúirt tú?
Is é/Ní hé.

Is fathach fíochmhar mise.
Seachain tú féin nó sciobfaidh mé thú.
D'éirigh libh éalú uaim.
Tá tú i ngreim agam anois!

Ba bheag nár thit an t-anam asam/as...

An Nollag:

Céard a d'iarr tusa/a d'iarr do dheartháir/a d'iarr do dheirfiúr/ a d'iarr do Mhama
d'iarr do Dhaidí ar Dhaidí na Nollag?

D'iarr mise ...air.

Níor iarr mé/Níor iarr sé/ sí faic fós air.

Caithfidh mé...agus...a cheannach.

Níor éirigh liomsa ach..rud a bhí ar mo liosta a cheannach.

Céard fútsa?

Cé mar a d'éirigh leatsa?

Ar éirigh leat gach uile rud a bhí uait a fháil?

D'éirigh/Níor éirigh.

Na Sióga:

Arbh fhearr leat tús, lár, deireadh an scéil?

Tús an scéil/Lár an scéil/ deireadh an scéil.

Ar mhaith leat casadh le sióg?

Ba mhaith/ Níor mhaith.

Cén fáth?

I dtús/ i lár/ i ndeireadh an scéil a tharla sé seo.

Ba é tús/lár/ deireadh an scéil ab fhearr a thaitin liom.

An bhfeiceann tusa/sibhse aon rud eile a thosaíonn le..?

Feicim

Feicimse rud eile.

Ní fheicim tada/ faic/ aon rud/ rud ar bith eile

D'aimsigh mo ghrúpa rud a thosaíonn le..

Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.

Cé mhéad fiacail atá cailte agatsa, a...?

Céard fútsa a...?

Ceann amháin/péire/ trí cinn srl.

Aon fhiacail amháin/dhá fhiacail/ trí fhiacail srl atá cailte ag...

Níl fiacail ar bith cailte ag..ná mar atá ag...

Tá níos mó fiacla cailte ag..ná mar atá ag...

Thángamar ar dhá/ar thrí/ ar cheithre/ ar chúig fhocal.

Tá..fhocal/bhfocal a bhfuil an litir é ionta aimsithe ag mo ghrúpa/ ag grúpa...

Níl ach..aimsithe ag mo ghrúpa.

Níor tháinig mo ghrúpa ach ar...focal.

Níl ach..ar an bhfiaclóir/ ar Mháire/ ar Mhamaí/ faoin ,bord/ faoin gcathaoir

Ba cheart go mbeadh dhá thrilseán ar Mháire/dhá bhróg ar an bhfiaclóir/ceithre c
faoin mbord/ ceithre chos faoin gcathaoir/ dhá lámhainn ar Mhamaí.

Is féidir liom/Ní féidir liom an focal seo/na focail seo a léamh.

Taimse chun tosaigh faoi láthair.

	<p>Is é.../Is í... atá chun cinn faoi láthair. Táimse nach mór críochnaithe.</p>
--	--

Rang	Téama: Caitheamh Aimsire
Naíonáin Shóisir	<p>Céard é seo? Traein/teileafón/carr srl.</p> <p>Is fearr liomsa an tarracóir/an cairrín.</p> <p>An bhfuil ___ agatsa, a ___? Tá/níl.</p> <p>Ar mhaith leat imirt liom, a Liam? [Is mise/is mé/ní tusa/ní tú] [an cat/an luch/an chéad duine eile]. Tá brón orm!</p> <p>Chuir mé dath ___ ar an sleamhnán. Chuir mé dath ___ ar an luascán. Cén dath a chuir tú ar an ___?</p> <p>An bhfuil [an liathróid/an bád/an téad scipeála/an bhabóg] curtha i bhfolach? Tá/níl.</p> <p>Téigí i bhfolach. A haon, a dó... a deich. Tá mé [táim] ag teacht. Tá tú i ngreim agam.</p> <p>Tá an bus dearg agus an bus gorm ag dul an treo céanna. Níl an bus buí ag dul an treo céanna (leo).</p> <p>Thóg sé/sí mo liathróid uaim. [Bhain sé/sí mo liathróid díom].</p>
Naíonáin Shinsir	<p>Táim in ann . . . Is mise is fearr ag scipeáil Cén lá atá inniu ann? Dé Luain / Dé Máirt / Dé Céadaoin / Déardaoin / Dé hAoine / Dé Sathairn / Domhnaigh Coinnigh ort Is gearr go mbeidh tú ann</p>

<p>Rang 1</p>	<p><u>Daidí an Ceolteóir</u> An raibh/ an bhfuil mórán duine ag an gcoirm cheoil/ san óstán/ sa siopa/ an gcóisir/ ag an gcluiche/ i do theaghlach?</p> <p>Ba mhaith liomsa a bheith in ann (gléas ceoil) a sheinnt. Céard fútsa? Tá mise in ann an (gléas ceoil) a sheinnt Tá aithne agamsa ar dhuine/ ar fhear/ ar bhean/ ar bhuachaill/ ar chailín a bhíonn ag seinnt ar an (gléas ceoil)</p> <p>Dúirt (ainm dalta) gur mhaith leis/ léi a bheith in ann an (gléas ceoil) a sheinnt. Is/ ní chuimhin liomsa céard a dúirt (ainm dalta) Ní raibh mé in ann (ainm dalta) a chloisteáil. Labhair (ainm dalta) ró íseal. Ní raibh sé/ sí ag labhairt sách ard.</p> <p>Bhí an-oíche go deo/ an-lá go deo/ an-chluiche go deo/ an-saoire go deo/ a choisir go deo againn</p> <p><u>Imeacht spóirt</u> Meas tú cé a bhuafaidh an rás? Déarfinn go mbuafaidh (ainm dalta) An bhfuil sibh réidh? - a haon, a dó, a trí! Tháinig mé/ tháinig (ainm dalta) sa chéad áit/ sa dara háit/ sa tríú háit Bá é rás na spúnóg/ rás na dtrí gcos/ an rás paca an ceann ab fhearr</p> <p>Mise an captaenar fhoireann A/ ar fhoireann B Mise an chúl báire/ an réiteoir Beidh tusa liomsa/ ar m'fhoireannsa, a (ainm) An bhféadfaidh mise a bheith in éineachta leatsa, a (ainm)? Féadfaidh tú/ mise go leor</p> <p>Caith chugamsa í Beir uirthi/ ar an liathróid Tarraing cic uirthi/ buail í Coinnigh ort Maith thú/ maith sibh Coinnigh leis/léi.</p>
<p>Rang</p>	<p>Téama: Teilifís</p>
<p>Naíonáin Shóisir</p>	<p>Cad atá á dhéanamh ag an teaghlach? Tá an teaghlach ag féachaint [ag breathnú] ar an teilifís. Cad atá ar siúl? Sorcas.</p> <p>An bhfaca tú__? Chonaic/Ní fhaca.</p> <p>Cuir an teilifís ar siúl. Cas amach [cuir as/múch] an teilifís.</p>

	<p>Is é ____ an clár is fearr liom.</p> <p>An mó duine ar fearr leis ____? Duine, beirt, triúr srl.</p> <p>An bhfuilimid ann fós [go fóill]?</p> <p>Fuair sé liathróid peile nua. Chonaic sí bóin Dé sa chlós.</p> <p>An bhfuil nuacht ag aon duine? Tá nuacht agam(sa). Seo é/í ____ . Tá nuacht aige/aici. Bhí ____ ar an teilifís.</p>
<p>Naíonáin Shinsir</p>	<p>Cad atá ar an teilifís anocht? ... Is fearr i bhfad ... ná ... An bhfaca tú ... aréir? Chonaic / Ní fhaca Chonaic ... (ainm dalta) ... (clár teilifíse) agus ... aréir Ardaigh an fhuaim Ísligh an fhuaim Tá [an teilifís / an raidió / an ceol / an fhuaim] [ró-ard / ró-íseal]</p>
<p>Rang 1</p>	<p>Cad atá ar an teilifís anocht? Is fearr i bhfad (ainm cláir éigin) ná (ainm cláir éigin) An bhfaca tú (ainm cláir éigin) aréir? Chonaic/ ní fhaca Chonaic (ainm dalta) (clár teilifíse) aréir Ardaigh an fhuaim Ísligh an fhuaim</p>



ORAL IRISH POLICY

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

INTRODUCTION

Gaelscoil na Fuinseoige is a co-educational, all-Irish, multidenominational primary school under the patronage of the Foras Pátrúnachta, providing all-Irish Primary education in the local area.

This policy is a collaborative document created by the School Teachers, Parents' Association Committee and Board of Management.

Gaelscoil na Fuinseoige is an all-Irish School in which Irish is:-

- *The official school language,*
- *Used for communication and for all activities,*
- *Used for teaching and learning in all subjects other than English,*
- *Used between teachers,*
- *Used between school staff and children,*
- *Used for communication between the children when participating in all school events.*

IRISH COMMUNITY

In Gaelscoil na Fuinseoige we strive to create an Irish community in our school where a positive atmosphere towards our culture and heritage is evident.

We are very conscious of the positive influence our Irish heritage has on our pupils, through music, games and dance etc. This contributes to our pupils' development and strengthens the status of the language. We put a strong emphasis on Irish traditions, culture and heritage. To create this Irish community, Irish activities are made available during and after school hours. There is a strong emphasis on our Irish heritage through music, dance and sport:

- *Craobh na Fuinseoige was founded by parents (A branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann)*
- *Irish dancing taught during and after school each week.*
- *Partnership with local GAA club, Naomh Olaf*
- *Irish classes and conversation circle organized for parents and guardians*
- *Irish Month (March)*
- *Music Month (May)*
- *Sport Month (June), hurling days and football lessons*

- *Irish poems, rhymes and songs taught throughout the school*
- *Strong school identity, with an understanding of school name and history taught to the children.*

AIMS

We make every effort to cultivate an atmosphere in the school that encourages the children to use Irish in class and in all school situations, whether they are at work or play, in the classroom or in other areas of the school.

- *To foster and develop the child's ability to use Irish as their everyday language,*
- *To foster the child's confidence in Irish and to develop their sense of pride in the language,*
- *That children enjoy learning through Irish,*
- *To enhance their fluency, pronunciation and richness of language.*

PARENTS

Parents/guardians are encouraged to make an effort to speak Irish on school grounds and particularly when in the school building and are encouraged to draw the Irish language into the home and the lives of their children.

To assist parents:-

- *Vocabulary is provided to the parents which can be used with the children,*
- *Irish classes are made available, when possible.*

SUCCESS CRITERIA

- *Increase in the use of Irish in the class, school or at any school event.*
- *Increase in the children's positive attitude towards Irish.*
- *Increase in the children's ability to access the curriculum through Irish.*
- *Increase in the standard of Irish spoken by the children.*

IMMERSION EDUCATION

Immersion Education is used in Gaelscoil na Fuinseoige. This means that the children will be immersed in the Irish Language from their first day in the school. Irish is used as the language of communication from their first day onwards. English is not taught until Term 3 in Senior Infants.

OTHER INFORMATION

Television

Any programmes shown to pupils will be in Irish except (a) when another language is being taught (b) in exceptional educational circumstances when a similar programme is unavailable in Irish.

Activities and Visitors

All extra-curricular activities involving pupils, such as extra classes, sporting events and trips, will be organised and conducted through Irish.

Visitors to classrooms will speak in Irish with the pupils, except in exceptional circumstances and with the prior agreement of the Board of Management. An example of an exception might be an author of an English book who comes as part of the English curriculum to address the pupils.

Support

The Board of Management and the Parents' Association will endeavor to give teachers and parents every support to improve their standard of Irish.

REVIEW

This policy will be reviewed regularly in the future, as is necessary.

Chairperson: *Dísín Chambers* **Date:** *27/02/2023*

Principal: *Aisling Uí Fheach* **Date:** *27/02/2023*